**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11085 — FRASERS / GO SPORT)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 114/06)

1. An 21 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— SPORTSDIRECT.COM France SA ("SPORTSDIRECT.COM France", an Fhrainc), a bhaineann le Frasers Group na Ríochta Aontaithe,

— Groupe GO Sport SAS ("Groupe GO Sport", an Fhrainc), a bhaineann le GO Sport Group na Fraince,

— GO Sport France SAS ("GO Sport France", an Fhrainc), a bhaineann le GO Sport Group na Fraince.

Gheobhaidh SPORTSDIRECT.COM France rialú aonair ar chodanna de Groupe GO Sport agus GO Sport France de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá SPORTSDIRECT.COM France gníomhach sa mhargadh trádála miondíola na n-earraí spóirt agus oibríonn sí roinnt siopaí Sports Direct sa Fhrainc,

— Tá Groupe GO Sport gníomhach i ndáileadh miondíola na n-earraí spóirt lena phríomhoibríochtaí sa Fhrainc,

— Tá GO Sport France gníomhach i ndáileadh miondíola na n-earraí spóirt lena phríomhoibríochtaí sa Fhrainc.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11085 — FRASERS / GO SPORT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË